Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2021
(OR. en)

13802/1/21
REV 1

LIMITE

TELECOM 413
JAI 1209
COPEN 394
CYBER 288
DATAPROTECT 254
EJUSTICE 98
COSI 221
IXIM 224
ENFOPOL 420
FREMP 260
RELEX 964
MI 831
COMPET 802
CODEC 1457

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0106(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8115/20 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) an 21 Aibreán 2021[1].

[1] 8115/21.

2. Is iad cuspóirí an togra ón gCoimisiún, atá bunaithe ar Airteagail 16 agus 114 CFAE, a áirithiú go bhfuil córais intleachta saorga (IS) a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus a úsáidtear san Aontas sábháilte agus go n-urramaíonn siad an dlí atá ann cheana maidir le cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'fhonn infheistíocht agus nuálaíocht san intleacht shaorga a éascú, chun rialachas agus forfheidhmiú éifeachtach an dlí atá ann cheana maidir le cearta bunúsacha agus sábháilteacht a fheabhsú, agus chun forbairt margaidh aonair a éascú d'fheidhmchláir intleachta saorga dhleathacha shábháilte iontaofa agus ilroinnt sa mhargadh a sheachaint ag an am céanna.

3. Tá Parlaimint na hEorpa tar éis tarchur an chomhaid chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) a fhógairt. D'ainmnigh IMCO an rapóirtéir don chomhad: Brando BENIFEI (S&D, an Iodáil). Tá an cinneadh críochnaitheach maidir le sannadh an chomhaid i measc Choistí PE ar feitheamh.

4. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste Eorpach na Réigiún araon maidir leis an togra, agus cuireadh iarrataí foirmiúla ar thuairimí chuig an dá institiúid an 15 Meitheamh 2021 agus an 24 Meitheamh 2021 faoi seach. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa uaidh a thuairim maidir leis an togra an 22 Meán Fómhair 2021[2], agus tá an tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún fós ar feitheamh.

5. Iarradh ar an mBanc Ceannais Eorpach a thuairim a thabhairt maidir le gnéithe áirithe den togra, a thagann faoina réimse inniúlachta nó a thagann faoina fhreagrachtaí. Sheol an Chomhairle an iarraidh fhoirmiúil an 3 Samhain 2021, agus tá an tuairim fós ar feitheamh.

6. An 18 Meitheamh 2021, d'eisigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) tuairim chomhpháirteach maidir leis an togra[3].

---

[2] An tuairim ó CESE maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais.

[3] *EDPB-EDPS Joint Opinion* [Tuairim Chomhpháirteach ó EDPB-MECS] 05/2021.

## II. AN OBAIR I dTIONÓL NA COMHAIRLE

7. Sa Chomhairle, rinneadh an scrúdú ar an togra sa Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise (dá ngairtear anseo feasta: WP TELECOM). Chuir WP TELECOM tús leis an bplé faoin togra faoi Uachtaránacht PT le linn roinnt cruinnithe a tionóladh idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2021. Ina theannta sin, an 8 Meitheamh 2021, d'eagraigh Uachtaránacht PT ceardlann thiomnaithe arb é is aidhm di roinnt príomhroghanna rialála agus bloic thógála an ghnímh um an intleacht shaorga atá beartaithe a chur i láthair agus a phlé leis na Ballstáit.

8. Leanadh leis an anailís ar an togra in WP TELECOM faoi Uachtaránacht SI le linn na gcruinnithe a tionóladh an 6 Iúil, an 7 agus an 21 Meán Fómhair, an 5, an 12 agus an 26 Deireadh Fómhair, agus an 9 agus an 16 Samhain. Le linn na gcruinnithe sin, chuir an Coimisiún téacs iomlán an rialacháin atá beartaithe i láthair go mion agus rinne na toscaireachtaí é a phlé roimh ré. Ina theannta sin, d'eagraigh Uachtaránacht SI 5 cheardlann ar líne ag an am céanna an 15 Iúil, an 31 Lúnasa, an 20 agus an 27 Meán Fómhair, agus an 7 Deireadh Fómhair. Bhí fáilte roimh rannpháirtíocht saineolaithe ó na príomhchathracha ag na ceardlanna agus léiríodh ar a gcláir oibre an t-ábhar a bhí i gcláir oibre na gcruinnithe a bhí ag WP TELECOM roimhe sin, ar cruinnithe iad a bhí dírithe ar an ngníomh um an intleacht shaorga, d'fhonn deiseanna breise a chur ar fáil le haghaidh pléití níos mionsonraithe agus níos cuimsithí agus seisiúin ceisteanna agus freagraí ar ábhair arna gcumhdach le linn na gcur i láthair in WP TELECOM.

9. Seachas an anailís a rinne comhaltaí WP TELECOM, reáchtáladh ceardlann thiomnaithe ar líne an 30 Meán Fómhair chun scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar impleachtaí an togra i réimse an cheartais agus gnóthaí baile. Rinneadh obair leantach ag an gceardlann tar éis na bpléití a bhí ag na hairí gnóthaí baile agus dlí agus cirt ar an togra maidir le gníomh um an intleacht shaorga le linn an chruinnithe neamhfhoirmiúil a bhí acu an 17 agus an 18 Iúil 2021, agus bhí deis ag saineolaithe ó chomhphobail CGB agus na Teileachumarsáide araon páirt a ghlacadh inti. Díríodh sna pléití sin ar chóras intleachta saorga a shainmhíniú, ar thionchar iarbhír an togra ar réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile ó thaobh nósanna imeachta, costais agus infhaighteacht táirgí agus seirbhísí de, go háirithe sna catagóirí ardriosca, ach gan a bheith teoranta dóibh siúd, agus ar an gcur chuige i leith córais intleachta saorga a úsáid chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, go háirithe maidir le húsáid a bhaint as cianchórais sainaitheanta bithmhéadraí fíor-ama i spásanna poiblí.

10. An 15 Deireadh Fómhair 2021, d'eagraigh Uachtaránacht SI Comhairle neamhfhoirmiúil leathlae na n-airí teileachumarsáide, a bhí dírithe go heisiach ar an togra maidir le gníomh um an intleacht shaorga. Tionóladh an cruinniú i bhformáid físchomhdhála agus ba é an príomhchuspóir a bhí leis treoir pholaitiúil a chur ar fáil do na pléití leanúnacha ar an leibhéal teicniúil. Dhearbhaigh na hairí go dtacaíonn siad leis an gcur chuige cothrománach duinelárnach i ndáil leis an intleacht shaorga a rialáil agus chuir siad in bhfios go láidir gur féidir leis an Aontas, leis an rialáil sin, a bheith ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le caighdeáin a leagan síos sa réimse sin. Mar sin féin, tharraing siad aird freisin ar roinnt saincheisteanna ar gá tuilleadh oibre a dhéanamh ina leith, go háirithe maidir leis an raon feidhme, na sainmhínithe, ceanglais bheachta atá indéanta go teicniúil a leagan síos le haghaidh feidhmchláir intleachta saorga ardriosca, agus lena n-áirithítear nach gcruthófar ualach iomarcach riaracháin leis an gcóras nua, go háirithe do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta, chomh maith le sainiúlachtaí earnála a chur san áireamh go cuí.

11. An 5 Deireadh Fómhair 2021, d'iarr Uachtaránacht SI ar na toscaireachtaí in WP TELECOM barúlacha i scríbhinn agus moltaí i ndáil le dréachtú a chur ar fáil maidir leis na chéad 29 n-airteagal den rialachán atá beartaithe, d'fhonn tús a chur leis an obair ar an gcéad téacs comhréitigh páirteach den togra. Arna iarraidh sin don uachtaránacht, thug 18 mBallstát a rannchuidithe i scríbhinn.

12. Bunaithe ar na haighneachtaí i scríbhinn ó na toscaireachtaí, agus an t-ionchur ó na pléití a rinneadh i dtionól na Comhairle á chur san áireamh, dhréachtaigh Uachtaránacht SI an chéad togra comhréitigh páirteach agus [*chuir sí faoi bhráid na dtoscaireachtaí é le linn chruinniú WP TELECOM an 30 Samhain 2021*]. Tugtar tuairisc ar na príomhréimsí ar thug Uachtaránacht SI aghaidh orthu sa chomhréiteach páirteach anseo:

a) **Raon Feidhme**

13. Soiléiríodh raon feidhme an togra, agus is é an príomhathrú atá ann tagairt shainráite a cuireadh isteach don tslándáil náisiúnta a eisiamh ó raon feidhme an rialacháin atá beartaithe. Tá sé sin i gcomhréir le hAirteagal 4(2) CFAE, lena bhforáiltear gur ar gach Ballstát, agus air sin amháin, a bheidh an fhreagracht as an tslándáil náisiúnta.

14. Ar an gcaoi chéanna, soiléiríodh nár cheart feidhm a bheith ag an ngníomh um an intleacht shaorga maidir le córais intleachta saorga agus a n-aschuir a úsáidtear chun críche taighde agus forbartha, agus chun na críche sin amháin.

b) **Sainmhínithe**

15. Rinneadh mionchoigeartú ar roinnt sainmhínithe sa togra comhréitigh agus cuireadh sainmhínithe nua leis. Go háirithe, tá teorainn curtha leis an sainmhíniú ar chóras intleachta saorga chun tuilleadh soiléireachta dlíthiúla a áirithiú agus chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an tuiscint ba cheart a bheith ar chóras intleachta saorga chun críocha an ghnímh um an intleacht shaorga, agus tagairt fhollasach á thabhairt le fios gur cheart go mbeifí in ann, trí haon chóras den sórt sin, a chinneadh conas tacar áirithe cuspóirí atá sainithe ag an duine a bhaint amach trí fhoghlaim, réasúnaíocht nó samhaltú. Tá sé i gceist leis an athrú sin freisin cosc a chur le córais bogearraí níos traidisiúnta nach meastar de ghnáth mar intleacht shaorga iad a chuimsiú i raon feidhme an rialacháin atá beartaithe. I ndáil leis an modhnú sin, rinneadh scagadh freisin ar liosta na dteicnící agus na gcineálacha cur chuige atá in Iarscríbhinn I chun tuilleadh soiléireachta a áirithiú maidir leis na córais a chumhdaítear leis an sainmhíniú seo.

16. Ina theannta sin, cuireadh feabhas ar roinnt sainmhínithe ar ghníomhaithe rialaithe éagsúla (e.g. soláthraí, úsáideoir, ionadaí údaraithe) nó cuireadh leo (e.g. monaróir), chun míniú níos fearr a thabhairt ar a róil agus a n-oibleagáidí laistigh de luachshlabhra na hintleachta saorga. Chomh maith leis sin, rinneadh na sainmhínithe a bhaineann leis an mbithmhéadracht a mhionchoigeartú i gcomhréir leis na hathruithe a tugadh isteach sna forálacha comhfhreagracha.

c) **Cleachtais intleachta saorga atá toirmiscthe**

17. Maidir le cleachtais intleachta saorga atá toirmiscthe, cuimsítear sa téacs comhréitigh an toirmeasc ar úsáid na hintleachta saorga le haghaidh scóráil shóisialta a leathnú chuig gníomhaithe príobháideacha freisin, ionas nach dteorannófar an cleachtas sin don earnáil phoiblí amháin.

18. Maidir le húsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' ag údaráis forfheidhmithe dlí i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, soiléiríodh go bhféadfadh gníomhaithe eile, ag gníomhú dóibh thar ceann údaráis forfheidhmithe dlí, na córais sin a úsáid freisin. Ina theannta sin, leathnaíodh na cuspóirí ar cheart a cheadú d'forfheidhmiú an dlí cian-sainaithint bhithmhéadrach 'fíor-ama', chomh maith leis an bpróiseas údaraithe gaolmhar, a úsáid.

19. Thairis sin, modhnaíodh an fhoráil lena dtoirmisctear córais intleachta saorga, a bhaineann leas as leochaileachtaí grúpa daoine ar leith, a úsáid agus cumhdaítear léi anois daoine atá leochaileach mar gheall ar a staid shóisialta nó eacnamaíoch.

d) **Aicmiú córas intleachta saorga ardriosca**

20. Rinneadh athbhreithniú críochnúil ar na forálacha lena sainítear na rialacha maidir le haicmiú córas intleachta saorga ardriosca chun soiléireacht dhlíthiúil níos fearr agus inléiteacht an téacs a áirithiú. Thairis sin, rinneadh athbhreithniú agus leathnú ar liosta na réimsí agus na gcásanna ina n-úsáidtear córais intleachta saorga ardriosca atá in Iarscríbhinn III chun bonneagar digiteach agus cosaint an chomhshaoil a chur san áireamh. Maidir le cásanna ina mbaineann riosca ard le húsáid i réimse fhorfheidhmiú an dlí, baineadh anailísíocht choireachta den liosta, agus rinneadh an réimse córas chun domhainbhrionnuithe a bhrath a thagann faoin gcatagóir ardriosca a chaolú.

21. Thairis sin, cuireadh teideal nua isteach chun cásanna a chur san áireamh inar féidir córais intleachta (IS) a úsáid chun a lán críoch éagsúil (IS le haghaidh cuspóir ginearálta), agus ina bhféadfadh cúinsí a bheith ann ina gcomhtháthaítear teicneolaíocht IS le haghaidh cuspóir ginearálta i gcóras eile, gan aon tionchar, nó gan ach tionchar teoranta, a bheith ag soláthraí an chórais IS le haghaidh cuspóir ginearálta ar chomhlíonadh oibleagáidí an rialacháin. Soiléirítear leis an airteagal nua atá beartaithe gur cheart a mheas gur soláthraí é aon oibreoir a shonraíonn cuspóir beartaithe chóras IS úsáide ginearálta agus a chuireann ar an margadh é nó i seirbhís chun na críche sin.

22. Maidir leis na coinníollacha le haghaidh na leasuithe ar Iarscríbhinn III mar atá in Airteagal 7, rinneadh tuilleadh nuashonruithe ar na critéir le haghaidh na leasuithe sin chun tuilleadh soiléireachta dlíthiúla a áirithiú.

e) **An tarmligean a fheidhmiú**

23. Soiléiríodh go suntasach na forálacha maidir leis an bhféidearthacht an liosta de theicnící agus de chineálacha cur chuige intleachta saorga a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a thabhairt cothrom le dáta agus freisin na forálacha a bhaineann leis na nuashonruithe ar liosta na gcóras intleachta saorga ardriosca atá in Iarscríbhinn III trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, ar dá réir cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar an measúnú ar an ngá atá leis na hathruithe sin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle araon, ar bhonn rialta.

## III. NA SAINCHEISTEANNA IS MÓ ATÁ FÓS GAN RÉITEACH

24. Cé is moite de na ceisteanna a dtugtar aghaidh orthu go díreach sa togra comhréitigh agus a leagtar amach thuas, shainaithin Uachtaránacht SI na pointí seo a leanas mar shaincheisteanna breise, a d'fhéadfadh a bheith níos casta agus a mbeidh tuilleadh anailíse ag teastáil ina leith le linn pléití a dhéanfar amach anseo ar an togra:

a) **Ceanglais maidir le córais intleachta saorga ardriosca**

25. Chuir go leor toscaireachtaí in iúl go bhfuil na ceanglais maidir le córais intleachta saorga ardriosca, dá bhforáiltear i gCaibidil 2 de Theideal III den togra, doiléir uaireanta agus gur cheart iad a shainiú ar bhealach níos fearr. Chun gur lú an t-ualach a bheadh ar ghnólachtaí maidir leis na ceanglais sin a chomhlíonadh, níor mhór treoir phraiticiúil áirithe a thabhairt maidir le conas iad a chomhlíonadh, mar shampla a mhéid a bhaineann le cáilíocht agus oiriúnacht i gcomhthéacs na gceanglas a bhaineann le sonraí, agus cineál agus méid iomchuí trédhearcachta i gcomhthéacs na faisnéise d'úsáideoirí. Ardaíodh an t-idirghníomhú idir na ceanglais maidir le córais intleachta saorga ardriosca mar a leagtar amach sa togra agus na caighdeáin ábhartha a bheidh ann amach anseo mar ábhar a mbeadh tuilleadh plé ag teastáil ina leith. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go meastar go bhfuil cuid de na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil 2 ródhian. Mar shampla, an ceanglas gur cheart do thacair sonraí oiliúna, bailíochtaithe agus tástála a bheith saor ó earráidí agus iomlán, is cosúil go bhfuil sé beagnach dodhéanta a chomhlíonadh i bhformhór na gcásanna. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go láidir cé gur cheart gurb amhlaidh a bheadh an cás, a mhéid is féidir, níor cheart dearbhcheanglas a bheith ann.

b) **Na freagrachtaí atá ar ghníomhaithe éagsúla i luachshlabhra na hintleachta saorga**

26. Thug roinnt Ballstát faoi deara gurb é ar sholáthraithe córas intleachta saorga a bheidh formhór na n-oibleagáidí agus na gceanglas a leagtar amach sa ghníomh um an intleacht shaorga. Mar sin féin, ós rud é go ndéantar córais intleachta saorga a fhorbairt agus a dháileadh trí luachshlabhraí casta, áit nach mbíonn teorainneacha idir gníomhaithe éagsúla sainithe go soiléir i gcónaí, d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha athmheastóireacht a dhéanamh ar leithdháileadh freagrachtaí agus ról, chun léiriú níos fearr a thabhairt ar a bhfuil i gceist i ndáiríre le córas intleachta saorga a dhearadh, a chur ar an margadh nó a oibriú.

c) **Comhréireacht agus forfheidhmiú**

27. Cuireadh imní in iúl freisin go leagtar amach sa ghníomh um an intleacht shaorga atá beartaithe creat comhlíontachta atá róchasta, rud a chruthóidh ualach agus costais shuntasacha riaracháin do ghnólachtaí. Cé go bhféadfadh cuideachtaí móra a bheith in ann na costais sin a sheasamh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé d'acmhainneacht ná d'acmhainní i gcónaí ag gnólachtaí beaga, atá i mbun córais intleachta saorga a fhorbairt, déileáil leis an ualach mór comhlíontachta a eascraíonn as forálacha an rialacháin atá beartaithe. Sa chomhthéacs sin, chuir roinnt Ballstát in iúl go mbeadh gá leis an gcreat comhlíontachta ina iomláine a shimpliú agus a shoiléiriú, chomh maith le bearta tacaíochta breise, go háirithe do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta, chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith iomaíoch. Ar an gcaoi chéanna, léiríodh sa phlé a rinneadh ar na bearta forfheidhmiúcháin go bhféadfadh na pionóis a mholtar faoi láthair sa ghníomh um an intleacht shaorga a bheith iomarcach do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta, rud a d'fhágfadh go mbeidís faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le cuideachtaí móra ar a mbeadh sé níos éasca na tionchair airgeadais sin a iompar.

d) **Gaolmhaireacht le reachtaíocht eile**

28. Chuir go leor toscaireachtaí i bhfios go láidir go mbeidh gá le níos mó oibre chun comhsheasmhacht agus sineirgí an ghnímh um an intleacht shaorga atá beartaithe le creat reachtach foriomlán an Aontais a áirithiú. Ba cheart go ndéanfaí na ceanglais atá ann cheana a leagtar síos leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí, an Creat Nua Reachtaíochta agus reachtaíocht earnála shonrach eile, amhail an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, a shainaithint agus cur leo sa togra, ar ceanglais iad nach mór do na córais intleachta saorga atá ann cheana a chomhlíonadh. Chuir na Ballstáit in iúl go raibh imní orthu go mbeadh baol ann, mura ndéanfaí amhlaidh, do ghníomhaithe éagsúla i luachshlabhra na hintleachta saorga a d'fhéadfadh a bheith faoi réir oibleagáidí contrártha. Beidh sé riachtanach deireadh a chur le haon neamhréireachtaí dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith ann chun rioscaí neamhchomhlíontachta a íoslaghdú agus chun iarrachtaí forfheidhmiúcháin a éascú.

## IV. CONCLÚID

29. Iarrtar ar Coreper comhaontú an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.